# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Deireadh Fómhair 2023

19/10/2023

## Gaelscoil Thaobh na Coille & Ysgol Gymraeg Morswyn



*R6A le Daltaí Ysgol Gymraeg Morswyn: Porth Dafarch, Anglesey, An Bhreatain Bheag*

*Thug rang ó Ysgol Gymraeg Morswyn, i Holyhead sa Bhreatain Bheag cuairt lae ar Ghaelscoil Thaobh na Coille ar an gCéadaoin seo chaite 11 Deireadh agus chuaigh R6A ar cuairt go Holyhead an Mháirt 17 Deireadh Fómhair agus chaith siad an lá ag gabháil d'imeachtaí spraoiúla lena gcairde nua ó Ysgol Cymraeg Morswyn.*

*Bunaíodh an nasc idir an Ysgol Gymraeg Morswyn agus Gaelscoil Thaobh na Coille thiar i 2005 agus tá cuairt bliaintiúl á thabhairt again ar scoileanna a chéile ó shin. Gan dabht chuir 'blianta Covid' stop lenár dtaisteal ach tá áthas an domhan orainn gur éirigh linn na cuairteanna a athosú arís i mbliana.*

*Foghlamaíonn na daltaí sad á scoil dá ghrúpa an-chuid óna chéile agus feiceann siad go bhfuil daltaí i dtír eile atá ag freastal ar 'ghaelscoil' cosúil leo féin agus nach bhfuil sé sin chomh 'hait' nó chomh 'neamhchoitianta' is a cheapann roinnt daoine. Feiceann siad freisin go bhfuil go leoir de na bun luachanna agus na haidhmeanna céanna á chur chun cinn sa dá scoil; béim ar an dteanga, ar an gceol, ar an gcultúr, ar an traidisiún agus gach a bhaineann leí. Eispéireas iontach é seo do na páistí a mhaireann ina gcuimhní i bhfad tar ési dóibh an bhunscoil a fhágáil agus níos faide.*

A class from Ysgol Gymraeg Morswyn, in Holyhead Wales visited Gaelscoil Thaobh na Coille on Wedensday last 11th October and R6A made a return visit to their school in Holyhead on Tuesday and spent the day participating in fun-activities with their new friends.

The partnership between Ysgol Gymraeg Morswyn and Gaelscoil Thaobh na Coille was established way back in 2005 and we have been visiting each other's schools annually since then. We are delighted to have been able to re-establish the visits after a short 'Covid enforced' break.



The children learn a lot from the experience and from each other. They see that there are children in other countries who attend 'gaelscoileanna' like themselves and that it is not as 'odd' or unusual, as some people see it. They also see that there are many similarities between the two schools; in particular the emphasis that is placed on our native language, music, culture, traditions and all that goes with it. This is a wonderful experience for the pupils in both schools and one they remember fondly long after they have left primary school and beyond.



## Ysgol Gymraeg Morswyn

*'Gaelscoil Breatnaise' is ea Ysgol Gymraeg Morswyn atá lonnaithe ar Oileán Anglesey sa Bhreatain Bheag. Scoil tumoideachais Breatnaise í agus cosúil linn féin is í an Bhreatnais an teanga theagaisc agus an teanga chumarsáide idir na múinteoirí, na páistí agus bainistíocht na scoile. Cuirtear an-bhéim sa scoil ar cheol agus ar chultúr na Breataine Bige agus cuirtear béim ar leith ar dhílseacht agus grá don teanga dúchais a mhúscailt sna daltaí. Ar nós muid féin is í an Bhreatnais dara theanga formhór na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an scoil agus tosaíonn breis is 80% dóibh ar scoil gan Breatnais ar bith.*

Ysgol Morswyn Gymraeg is a Welsh 'Gaelscoil' (Ysgol Gymraeg/Welsh School) that is located near the centre of the port town of Holyhead, in Wales. The school is a Welsh language immersion school and like ourselves Welsh is the language of instruction and the language of communication amongst teachers, children & management in Ysgol Gymraeg Morswyn. The school places great emphasis on Welsh music and culture and seeks to foster and instill a love for the language and culture in the children. Like ourselves Welsh is the second language for the majority of the pupils who attend the school and over 80% of them start school without any Welsh.

*Ag teacht i dtír i Holyhead*



*Túr cloiche á thógáil ar thrá Porth Dafarch*



*Cairde Nua*



## Aifreann Sacraiminte Scoile - School Sacramental Mass

### Déardaoin 19/10/23 11:15



*Beidh Aifreann i Séipéal Mhuire, Áth an Ghaineamh ag 11:15 ar an Déardaoin seo an19 Deireadh Fómhair do daltaí R2 & R6 atá ag ullmhú do shacraimint an Chéad Chomaoineach agus an Chóineartú. Tá fáilte roimh aon tuismitheoir atá saor a bheith i láthair ag an Aifreann más mian leo.*




A mass will be celebrated in St Mary's, Sandyford at 11:15 on Thursday next 19th October for the pupils of R2 & R6 who are preparing to receive the sacraments of Confirmation and First Holy Communion this year. Parents who would like to attend are most welcome to do so.

### Seirbhísí Sacraiminte 2024 Sacramental Services

R6A & R6B

FAOISTIN & SEARMANAS an tSOLAIS - Confessions & Service of Light DÉARDAOIN 01/02/2024 - 19:00
SEARMANAS an CHÓINEARTAITHE -Confirmation Ceremony AOINE 26/04/2024 - 11:00

R2A & R2B

CÉAD FHAOISTIN - First Confession DÉARDAOIN 29 FEABHRA 29/02/2024 - 19:00
CÉAD CHOMAOINEACH - First Communion SATHARN 18 BEALTAINE 18/05/2023 - 12:00

## Maidin Caifé

Tá Maidin Caifé á eagrú ag Cumann na dTusimitheoirí do thuismitheoirí daltaí na uile na scoile sa halla ar an Aoine seo 20 Deireadh Fómhair óna 9am go dtí 10am. Tá súil againn go mbeidh sé ar chumas an oiread de na tuismitheoirí agus is féidir a bheith i láthair. Tabharfaidh sé seo deis deas do na tuismitheoirí (sean agus nua) aithne a chur ar a chéile.



## Coffee Morning

*Cumann na dtuismitheoirí will host a Coffee Morning in the school hall for all the parents in the school this Friday 20 October from 9am til 10am. We hope that as many parents as possible come along to this event. It is a great opportunity for parents (new and old) to get to chat to each other over a cup of coffee and even possibly throw in a cúpla focal Gaeilge!*

## Lá na nGeansaithe

### ‘Wear, Care, Share’

Bhailigh an scoil €918.57 ar son GOAL ar Lá na nGeansaithe Dé hAoine, 13 Deireadh Fómhair. Cuideoidh an t-airgead seo go mór leis na pobail is boichte agus is leochaileach i 14 thír timpeall an domhain trí shábháilteacht bhia, idirghabháil shlí bheatha agus trí bhéim a chur ar oideachas sláinte.




## Goal Jersey Day

### ‘Wear, Care, Share’

€918.57 was raised by the school for GOAL on Jersey Day which took place on Friday, 13th of October. GOAL reach out, with lifesaving support, to the poorest and most vulnerable communities in 14 countries worldwide. Humanitarian aid remains vital and GOAL continue to provide households with food security, livelihood interventions and health education.

## Taispeántas na Naíonáin

Déanfaidh na Naíonáin shóisearacha (N1A, N1B) cur i láthair beag dá dtuismitheoirí de na rannta agus na hamhráin atá á fhoghlaim acu ar scoil ar an AOINE seo an 20 Deireadh Fómhair ag 1pm. Beidh Tae/caifé ar fáil sa halla óna 12.30pm



## Junior Infant Recital

*Our Junior Infants (N1A, N1B) will put on a small performance for their parents, of the poems and the songs they are learning at school on AOINE the 20 of October at 1pm. Tea/Coffee will be served in the halla from 12.30pm*

## Ainm ar Gheansaithe & ar Chótaí

An bhfuil ainm ar gheansaí agus ar chóta do pháiste? Muna bhfuil ar mhiste leat é a dhéanamh gan mhoill le do thoil. Geansaithe agus cótaí á aimsiú againn ar fud na scoile nach le ‘haon duine’!




## Name tags on Coats & Jumpers

Is your child’s name on his/her jumper and coat? If not could you please do so without delay. We are finding jumpers and coats with no name tags all over the school that ‘nobody owns’!

## Gléasadh na Samhna

Beidh cead ag na páistí teacht isteach ar scoil i bhfeistis bréigéide ar an Aoine an 27 Deireadh Fómhair.



## Halloween Dress Up

The children may come to school in fancy dress costumes on Friday the 27th of October.

## Briseadh Meántéarma

Scoil dúnta

Luan 01 Samhain go Aoine 03 Samhain.

## Mid-term Break

School closed

Monday 30 Oct - Friday 03 November.

## Cumann na mBunscol Léigeanna Peile

Ghlac foireann scoile peil na gcailíní, faoi stiúr An Múinteoir Ní Fhallamháin agus An Muinteoir Ní Bháille páirt i gCorn Comhar Linn i mbliana. Bhí an bua acu i gcoinne Scoil na Toirbhite (Tír an Iúir), Scoil Sinsearach Maelruain (An Seanbhábhún) agus Scoil Naomh Chillian (Tamhlacht) sna réamhbhabhtaí agus bhaineadar an ceann is fearr amach i gcoinne Garrán Mhuire (Baile na nGabhar) sa cheathrú chraobh. D'imir siad cluiche leath chraobh i gcoinne Scoil Naomh Pádraig (Caisleán Cnucha) níos luaithe inniu agus cé gur imir siad thar barr ar fad bhí an mí-ádh orthu ó thaobh scórála de agus d'éirigh leis an scoil eile an ceann is fearr a bhaint amach orthu. Ní gá a rá ach go raibh an-díomá go deo ar na cailíní ach ba cheart go mbeidís an-bhródúil astu féin agus an sár-iarracht a chuir said isteach san imirt. Maith sibh a chailíní.



D'imir foireann na mbuachaillí cluichí i gcoinne Scoil San Treasa (Cnoc Mhuirfean), Scoil Lorcán Naofa (Cill Mochuda) agus Réalt na Mara (Dumhach Thrá) i gCorn na nGearaltach le mí anuas. Cé gur bhaineadar comhscór amach sa chluiche deireannach, níor éirigh leo an ceathrú chraobh a bhaint amach. Bhí bua ag buachaillí Rang a 5 i gcoinne Scoil Sóisearach Coláiste Naomh Mhíchíl (Bóthar Aylesbury) i gcluiche dúshlánach freisin.



*The girls' football team, under the management of An Múinteoir Ní Fhallamháin and An Múinteoir Ní Bháille, participated in Cumann na mBunscol's Corn Comhar Linn this season. They recorded victories against Presentation GNS (Terenure), Scoil Maelruain SNS (Old Bawn) and St. Killian's (Tallaght) in the round robin phase before overcoming Our Lady's Grove (Goatstown) in the quarter final. They face St. Patrick's (Diswellstown ) in the semi-final earlier today and despite putting in a huge effort the opposing team just pipped them to the post to take the win. As you can imagine there were very disappointed with the result but they should be very proud of how well they played and the huge effort and commitment they put into the game. Maith sibh a chailíní.*

*The boys' football team played against Scoil San Treasa (Mount Merrion), St. Laurence's BNS (Kilmacud) and Star of the Sea BNS (Sandymount) in the group stages of Corn na nGearaltach. Despite a very creditable draw in their final match, they failed to advance to the knockout stages. The 'Rang a 5' boys recorded an impressive victory over St. Michael's College Junior School (Aylesbury Road) in a challenge match this week.*

## STEM

Thosaíomar ag úsáid Lego Spike sna stáisiún mata sna hardranganna le déanaí. Is cuid den córas foghlamtha Lego é an t-eispéireas foghlama spraoiúil seo. Cuireann sé scoláirí i ngleic le himscrúdú praiticiúil ar choincheapa STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic) ag úsáid téamaí laethúla.
Míle buíochas le Foireann Tacaíocht Teicniúla Thaobh na Coille; Oilibhéar & Oisín Ó hÉigeartaigh agus Sean Ó Duibhir



*We introduced Lego Spike to the class maths stations in the senior classes lately. This playful narrative based learning experience is part of the Lego Learning System. It engages students in hands-on investigation of STEAM (Science, Technology, Engineering, Arts and Mathematics) concepts using everyday themes.*

*Míle buíochas to Taobh na Coille's Technical Support Team; Oilibhéar & Oisín Ó hÉigeartaigh and Sean Ó Duibhir for helping roll out this fun resource.*



## Iarratas ar Iontráil

## 2024/2025

### Applications for Admission

*Táimid ag glacadh le hIarratais ar Iontráil do rang na Naíonáin Shóisearacha 2024/2025. Glacfar le hiarratais i gcomhair iontráil don scoilbhliain 2024/2025 ón 02/10/2023 go dtí an 27/10/23. Is féidir iarratas a dhéanamh ar-líne tré chliceáil ar an NASC atá ar fáil ar leathanach baile suíomh gréasáin na scoile: www.taobhnacoille.ie.*

*Cé go dtugtar tús áite sa Pholasaí ar Iontráil do shiblíní, ní féidir linn tús áite a thabhairt dóibh muna bhfuil siad cláraithe linn! Bí cinnte mar sin go gcláraíonn tú do pháiste linn roimh 27 Deireadh Fómhair, má theastaíonn uait go dtosóidh sé/sí i nGaelscoil Thaobh na Coille i Meán Fómhair 2024.*

Tá breis eolais faoi Pholasaí Iontrála na scoile ar fail ar an suíomh ghréasáin scoil freisin ach cliceáil an táb 'Iontráil' ag barr an leathanaigh baile.




We are now accepting Applications for Admission for our 2024/2025 junior infants class. Anyone who previously submitted a pre-enrolment form for their child for the 2024/2025 school year must now make a new application for admission. Applications for Admission will be accepted for the school year 2024/2025 from 02/10/2023 until 27/10/23. On-line applications can be made by clicking on a dedicated LINK on the home page of the school's website: www.taobhnacoille.ie.

Although priority is given to siblings in the Admissions Policy, we cannot prioritise them if they have not been registered! Please ensure that your child is registered before 28/10/2022 if you wish him/her to start in Gaelscoil Thaobh na Coille in September 2023.

You will find more information about the school's Admission's Policy by clicking on the 'Admissions' tab on the school website's homepage.

## Seachtain na Matamaitice

### Maths Week

Tá Seachtain na Matamaitice ar siúl ón 16/10/2023 go dtí an 20/10/2023. Tá an-chuid imeachtaí breise Matamaitice ar siúl sa scoil an tseachtain seo I measc na n-imeachtaí atá ar siúl ag na páistí tá siúlóidí Mata, comórtas *Súile na Matamaitice, dúshláin Izak 9, comórtas póstaeir, cluichí Matmaitice ar na hIpadanna, Tráth na gCeist Matamaicice agus alán eile.*

Tá an matamaitic á fhiosriú go beoga agus go spraoiúil agus tá na páistí ag baint an-sult as na himeachtaí éagsúla atá ar siúl acu.

Buíochas leis an múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh atá ag stiúradh obair na seachtaine & an Múinteoir Caitríona Bairéad as an Tráth na gCeist Mata a eagrú.




Maths Week takes place from 16/10/2023 to 20/10/2023. There are many extra Maths events taking place in the school this week. Among the events the children are doing are Maths walks, Maths Eyes, Izak 9 challenges, a poster competition, Maths games on the iPads, Maths table quiz and much another.

Mathematics is being explored in an active and fun way and the children are enjoying the various activities they are undertaking.

Buíochas to An Múinteoir Máirín Ní Dubhthaigh who is steering the week's work and an Múinteoir Caitríona Bairéad for organising the Maths Table Quiz.



*Tá deacracht leanúnach le páirceáil chontúirteach agus ar ghluaiseacht na tráchta thart ar Ghaelscoil Thaobh na Coille & Stepaside ETNS*

*Is í an phríomhthosaíocht don dá scoil ná sábháilteacht a ndaltaí agus iad ag siúl go dtí agus abhaile ón scoil agus ag tuirlingt as gluaisteáin.*

*Tá gearáin faighte maidir le tuismitheoirí ag blocáil na cosáin, na cabhsáin agus na bóithre i mBeallairmín agus ag páirceáil ar na cosáin i ngar do dá scoil.*

*Níor cheart go mbeadh aon pháirceáil/páirceáil dhúbailte os comhair spásanna páirceála na foirne. Is limistéar 'tuirling & imigh' é seo. Ba chóir go mbeadh páistí in ann teacht amach as gluaisteáin agus siúl go sábháilte i limistéar na gcoisithe os comhair na ngluaisteán foirne páirceáilte chun an cosán a bhaint amach.*

*Níor cheart do charranna páirceáil díreach roimh agus tar éis na trasrianta coisithe - laistigh den scoil nó lasmuigh ar an mbóthar - tá sé seo ag tarlú ar bhonn rialta/laethúil agus tá sé ag cur ár bpáistí i mbaol.*

Inappropriate and dangerous parking and driving in the vicinity of both Gaelscoil Thaobh na Coille & Stepaside ETNS is an ongoing problem.

The first priority for both schools is the safety of it's pupils as they walk to and from school and alight from cars.

Complaints have been received about parents blocking up the paths, driveways and roads in Belarmine and parking all over the paths around the schools.

There should be no parking/double parking in front of staff paring spaces. This is a drop and go area only. Children should be able to alight from cars and walk safely along the pedestrian corridor in front of the parked staff cars to get to the footpath.



Cars should not park up in the areas directly before and after the pedestrian crossings - either inside the school grounds or outside on the road - this is happening on a regular or daily basis and it is putting our children at risk.




## Pairceáil
## Parking

Meabhrúchán: Rialacha an Bhóthair - Páirceáil
*Coir in aghaidh an dlí is ea páirceáil:*

- *i spásanna páirceála atá ainmnithe mar spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas*
- *in áit ina bhfuil línte fiarláin bána nó buí ar cheachtar taobh de shoilse coisithe nó crosairí peileacánacha nó síogacha;*
- *15 mhéadar roimh nó 5 mhéadar i ndiaidh trasrian coisithe nó soilse tráchta*
- *laistigh de 5 méadar d'acomhal bóthair mura bhfuil spásanna páirceála marcáilte go soiléir*
- *Ciallaíonn na línte buí dúbailte nach féidir páirceáil ann ag tráth ar bith.*

*Cloígh le do thoil leis na rialacha thuas ar mhaithe le sábháilteacht ár bpáistí go léir*

Reminder: The Rules of the Road - Parking

It is an offence to park:

- in designated disabled persons parking spaces
- where there are white or yellow zig-zag lines on either side of zebra crossings
- 15 metres before or 5 metres after a pedestrian crossing or traffic lights;
- wholly or partly on a footpath, a grass margin, a cycle lane or track or a median strip;
- within 5 metres of a road junction unless parking spaces are clearly marked;
- The double yellow lines mean no parking at any time

Please adhere to the above rules for the safety of all our children

## Sábháilteacht ar dTús
## Safety First

## Camchuairt timpeall na scoile - A quick trip around the school

### R4A Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh

*Seachtain na Matamaitice: An bhfuil fhios agat?......fíricí matamaitice spéisiúla bailithe ag R4A*

Maths Week: Do you know? - some interesting maths facts from R4A










### R4B Múinteoirí Máirín Ní Dhubhthaigh & Máire Mhic Gabhann

*Gabhann Rang 4B buíochas as cuimse le Helga Uí Riain (iar-thuismitheoir) as muid a thabhairt timpeall na scoile chun eolas a thabhairt dúinn ar na crainn ar fad atá ag fás sa timpeallacht. Ina measc chonaiceamar An Seiceamair, An Fhuinseog, An Dair, An Teile, Crainn Úll, Crann Cnó Capaill agus An Fearnóg Gheal.*

R4B would like to sincerely thank Helga Uí Riain (former parent) for bringing us around the school grounds to help us identify all the different trees that are growing in and around the school grounds. We saw a Sycamore tree, an Ash tree, an Oak tree, a Lime tree, various Apple trees, a Horse Chestnut and a Grey Alder to name but a few.







Cuirfimid i gcuimhne daoibh go bhfuil polasaí Bia Sláintiúil i bhfeidhm sa scoil. Iarraimid oraibh gan milseáin, seacláid, crispí, brioscaí nó deochanna milse a bheith ag na páistí ar scoil.

*Ní ceadaítear cnónna/bia le cnónna mar chuid den lón mar go bhfuil ailléirge ag roinnt daltaí sa scoil le cnónna.*

*We would like to remind you that the school has a healthy eating policy. We would ask you to exclude sweets, chocolate, crisps, biscuits and fizzy drinks from your child's lunchbox.*

Nuts & foods containing nuts are not allowed in school & should not be sent in to school for lunch as several children in the school suffer from severe nut allergies.

## N1A Múinteoir Lauryn Bhreathnach



*Tá N1A tar éis rince Gaelach a thosú leis an Múinteoir Nuala. Tá said ag déanamh alán cleachtadh faoi láthair do 'Sheó na Samhna' ar an Aoine.*

N1A have started Irish dancing with Múinteoir Nuala. They are also doing lots of practice for the 'Halloween show' on Friday.




## R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid

*Tá R1B ag foghlaim faoin bhFómhair. Chuaigh siad ar shiúlóid Fómhair timpeall na scoile agus bhailíodar cnónna capall, síolta agus duilleoga.*

R1B are learning all about Autumn. They have gone out on nature walks around the school collecting, horse chestnuts, seeds and leaves.

*Airde - Tá mé ag fás*



*Cruth - Obair ealaíne ag baint úsaide as cruthanna*





## N1B Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh

*Tá N1B ag foghlaim faoin gcrann darach agus ag coinneáil súil ar an gcrann darach sa chlós agus na hathruithe atá ag teacht ar sin de réir mar a athraíonn na séasúir.* N1B are learning all about the Oak tree and are keeping a close eye on the oak tree on the school grounds to record how it changes with the seasons.











*Saothair ealaíne siméadrach* - Art in symmetry

## R6B Múinteoir Colm Ó Coisdealbha







*Tá R6B ag foghlaim faoi sholas agus leictreachas faoi láthair. Rinneadar turgnamh ag baint úsaide as cadhnraí, sreang miotal , inneall le bléibín solais a lasadh.*

R6B are learning all about light and electricity. They completed a task in which they had to light a bulb using a battery, wire, a motor and a bulb.

*Oíche Shamhna - Sciatháin Leathair*



## R2B Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh

*Bhí téarma gnóthach ag R2B ag foghlaim faoin bhFómhar agus faoi Oíche Shamhna. Rinneamar a lán obair ealaíne bunaithe ar na téamaí seo.*

R2B have been learning all about the Autumn and Halloween. Much of their artwork has been based on these themes.












## R1A Múinteoir Emma de Róiste

*Tá R1A ag foghlaim faoi Oíche Shamhna agus an Fómhar faoi láthair. Tá siad ag déanamh obair ealaíne agus ag canadh amhrán faoin téama céanna.*

R1A are learning all about Halloween and the Autumn at present. They are doing lots of art works and singing songs based on those topics .





## R2A Múinteoir Jack Ó Loineacháin

Bhain R2A an-taitneamh as a bheith ag cruthú líontáin damhán alla le déanaí. Tá an-spéis á léiriú acu freisin i saol an Iora!

R2B thoroughly enjoyed creating spiders webs recently. They are also showing a great interest in the life of the Squirrel!





## R5A Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadhbh Rosenstock






*Obair na ndaltaí bunaithe ar an úrscéal 'Turas go Meiriceá' le Miriam Moloney*

*Bhain R5A an-taitneamh as an chéad téarma ar scoil. Chruthaigh na páistí ealaín iontach bunaithe ar shaothair an ealaíontóir Edward Munch agus a shaothar 'An Scread'.* R5A are really enjoying their time in R5. The have created some wonderful artwork based on Edward Munch's painting 'The Scream'.






## N2A Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh



*Tá N2A ag socrú isteach ina rang nua agus tá siad ar fad ag cur aithne ar a chéile. Cuirtear tús le gach lá le haireachas agus bíonn nathanna deasa á rá acu cosúil le 'Is duine cairdiúil mé', 'Tá mé cliste', Tá grá ag daoine dom', agus 'Níl duine ar bith cosúil liomsa'.*

N2A are settling into their new class and are getting to know each other. Each day begins with a short session of mindfulness and the children repeat phrases/mantras like 'I am a friendly person', 'I am smart', 'There are People who love me', 'I am unique'.
















## R3A Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte

*Tá an-sult á bhaint ag R3A as a bheith ag foghlaim faoi na crainn sa cheantair. Tá tús iontach curtha acu ar an bhfeadóg stáin agus ceol álainn á sheinnt ag na páistí.*



R3A are enjoying learning about the trees in the area. The children have made a great start on the tin whistle and they can now playing a couple of nice tunes.

## R3B Múinteoir Ciara Ní Bháille

*Fíricí Matamaitice*





*Tá R3B ag baint an-taitneamh as a bheith ag foghlaim faoin bhFómhar. Chuadar ag lorg duilleoga agus cnónna agus tá an seomra ranga lán le cnónna capall anois!*



R3B are enjoyed learning all about the Autumn. They went on a nature walk in search of leaves and nuts/seeds and the classroom is now full of horse chestnuts!



## N2B Múinteoir Ailbhe Ní Dhuibhginn

*Tá N2B ag foghlaim faoi Oíche Shamhna! Tá siad ag déanamh ról-imirt, ealaín, tógáil agus spraoi in Aistear agus ag baint an-taitneamh as an ngléasadh suas. Is breá leis an rang an amhrán 'Spooky' a chanadh.*

N2B are learning all about Halloween! They are exploring the subject through role-play, art, building and play (Aistear).They love dressing up and singing the song 'Spooky'!


















## R5B
## Múinteoir Bróna Ní Bhaoill

*Ghlac R5B páirt i gcomórtas táblaí 'Ireland Rocks' ar Times Tables Rockstars an tseachtain seo mar chuid de sheachtain na Matamaitice 2023. Is saineolaithe ar na táblaí iad anois!*


R5B took part in a tables competition called 'Ireland Rocks' on Times Tables Rockstars as part of Maths Week 2023.
They are now 'tables' experts!






*Obair Staire - An Gorta Mór*



R6A Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin

*Bhí R6A ag foghlaim faoin gcóras díleá agus faoi bhia san eolaíocht. Chruthaigh siad an 'córas díleá' iad féin i ngrúpaí. Bhí an seomra ina phraiseach ach bhaineadar an-spraoi as!*

R6A were learning all about the digestive system and food in science. Working in groups they created their own models of the digestive system. The made a terrible mess in the process but they had great fun!









Scéal Shéadanta R3A